



Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

21-27 Eanáir 2024

DÉ MÁIRT: SEIRBHÍS I MEASC PHOBAL NA SCOILE





Eochairfhocail: Comhaontas Domhanda, Oideachas, Freastal, Comhlúadar, Grámhar, Freagrach, Comhbhá, Fáilte, Luach

Cuspóir Foghlama

Beidh ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar an mbrí a bhaineann le freastal nó seirbhís a dhéanamh ar scoil, i gcomhthéacs chomhaontas domhanda an oideachais.

Critéir Ratha

Beidh ar chumas na ndaltaí tuiscint a bheith acu ar an mbrí a bhaineann le freastal a dhéanamh i measc phobal na scoile.

Beidh ar chumas na ndaltaí na difríochtaí atá ann idir a bheith scoiteach agus ar nós 'cuma liom' nó grámhar agus freagrach a mheas.

Beidh ar chumas na ndaltaí anailís a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla na freagrachta pearsanta, agus ar an ionchur uathúil a d'fhéadfadh a bheith ag an aos óg maidir le freastal a dhéanamh i measc phobal na scoile.

Réamhrá

I mí na Bealtaine 2020 d'eagraigh an Pápa Proinsias comhdháil le ceannairí reiligiúnacha an domhain maidir le comhaontas domhanda an oideachais. Ba mhaith leis go mbeidís ar aon aigne maidir le tábhacht an oideachais, agus dhírigh sé ar oideachasóirí agus iad san a mbíonn ag obair leis an aos óg. Is ag an gcruinniú seo a thug an Pápa cuireadh do dhaoine óga nuair a d'iarr sé orthu a bheith páirteach san obair seo toisc gur ceart go dtuigfidís go raibh freagracht thromchúiseach orthu an domhan feabhsaithe a thógáil.

Tá gearrthóg de theachtaireacht an Phápa Proinsias faoi chomhaontas domhanda an oideachais ar fáil ag:

<https://www.vaticannews.va/en/pope/news/2020-10/pope-francis-global-compact-education-video-message-relaunch.html>

Roinnt i mBeirteanna

Pléigh le do pháirtí trí cinn de na bealaí ina bhféadfadh an t-aos óg feabhas a chur ar domhan.





Tráth na gCeist

A chairde óga, ná bígí ag fanacht go fóill le bhur gcuid nirt, an dánacht, an chruthaitheacht a úsáid maidir le hathrú a chur ar domhan. Ní am 'idir dhá linn' í an óige.

(An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*, 178)

1. Cad a bhí i gceist ag an bPápa nuair a dúirt sé go bhféadfadh an t-aos óg breathnú ar na déaga mar am 'idir dhá linn'?
2. Conas mar a d'fhéadfaí na déaga a chur amú?
3. Ciallaíonn an dánacht go dtéimid sa seans. Cad a bhí i gceist ag an bPápa más rud é gur chuir sé ceist ar an óige dul sa seans maidir leis an domhan a fheabhsú?

Machnamh

Conas is féidir leatsa an dánacht, an neart agus an chruthaitheacht a úsáid ar scoil le seirbhís agus freastal feabhsaithe a dhéanamh ar phobal na scoile?

Tráth na gCeist

'Níl corp ar bith ag Críost' le Naomh Teresa Ávila (1515–1582)

Níl corp ar bith ag Críost seachas do chorp féin,
Níl lámha ná cosa ar domhan aige seachas do chuid,
Is trí do shúile féin a bhreathnaíonn sé go comhbhách ar an domhan,
Is le do throidhe a shiúlann sé ar aghaidh leis an mhaith a dhéanamh,
Is le do lámha féin a bheannaíonn sé gach atá ann.
Conas a d'fhéadfá a bheith comhbhách i dtimpeallacht na scoile?

1. Cad a bhí i gceist ag Naomh Teresa nuair a dúirt sí nach raibh aon chorp ag Críost seachas do chorp féin?
2. Abair bealach amháin ina bhféadfá freastal ar dhuine éigin ar scoil.
3. Conas mar a d'fhéadfá a bheith mar shuáilce ar scoil?

Machnamh

Críochnaigh bileog oibre 1 thíos.

Obair i nGrúpaí

Nuair a bhíonn an bhileog oibre líonta beir leat na pointí ón gceist dheireanach chuig an ngrúpa agus roghnaigh trí smaoinemh ón ngrúpa sin le cur os comhair an ranga agus le roinnt leis na daltaí.

Machnamh

Críochnaigh bileog oibre 2 thíos.

Urnaí Dheiridh

Féach na sleamhnáin PowerPoint.





Bileog Oibre 1

1. Cad is brí le freastal nó seirbhís a dhéanamh?

2. Conas mar is féidir linne freastal ar an duine eile ar scoil?

3. Tá físeán ar PowerPoint (<https://www.youtube.com/watch?v=TdaugDFtMn8>), ina labhraíonn an Pápa Proinsias mar gheall ar an ngrá agus an fhreagracht, agus tugann sé foláireamh dúinn maidir leis an scoiteacht is an neamhshuim. Scríobh abairt ghearr sna boscaí thíos le cur síos ar na cásanna a luaitear sa cholún ar chlé, agus an dearcadh éagsúil a bheadh ag daoine ina leith.

Cásanna	Scoiteach/Neamhshuim	Grámhar/Freagrach
Tagann duine nua chun an ranga ó thír atá á réabadh ag an gcogadh:		
Tá cuid de na daltaí ó do rang féin chun feachtas ar son na h-athchúrsála a thosú:		
Lorgaíonn an t-oide, daltaí a bheadh sásta ócáid a eagrú ar mhaithe le carthanacht áitiúil:		
Tá deacracht ag duine de do chairde le hábhar áirithe scoile agus iarrtar cabhair ort:		



Cásanna	Scoiteach/Neamhshuim	Grámhar/Freagrach
Tuigeann tú go bhfuil dalta sa rang agus déantar maistíneacht uirthi/air:		
Tá cairde go leor agatsa ar scoil agus feiceann tú go bhfuil dalta áirithe fágtha gan chara ar bith ag am spraoi:		

4. Nuair a bhí an cruinniú faoin gComhaontas Domhanda i leith an oideachais ar siúl, dúirt an Pápa Proinsias go raibh géarghá ann éisteacht a thabhairt do thuairimí na n-óg. Cad iad na moltaí a bheadh agaibhse maidir le timpeallacht scoile a chruthú inar mhothaigh na daltaí ar fad go raibh fáilte rompu, agus gur bhain luach pearsanta leo?

NÓTAÍ





Bileog Oibre 2

Éist leis an amhrán 'Firework' le Katy Perry agus freagair na ceisteanna seo.

Tá sé ar fáil ar YouTube ag: <https://www.youtube.com/watch?v=QGJuMBdaqlw>.

Tá na liricí ar fáil anseo:

https://www.google.com/search?q=lyrics+for+fireworks&rlz=1C1CHBD_enIE917IE917&oq=lyrics+-+for+fireworks&aqs=chrome..69i57joi22i3ol6joi1oi22i3ojoi22i3ol2.68486669joi15&sourceid=ch

1. Cén taithí atá i gceist ag na cumadóirí, an dóigh leat, nuair a labhraítear faoi mhála plaisteach a bheith ag imeacht le gaoth, agus faoi fonn a bheith orthu tosach úr a dhéanamh?

2. 'If you only knew what the future holds after a hurricane comes a rainbow.' Míneigh brí na líne seo, agus tabhair sampla.

3. Cén taithí atá i gceist ag na cumadóirí, an dóigh leat, nuair a labhraítear faoi sheans a bheith ag duine den mbeirt toisc go bhfuil splanc éigin eatarthu go fóill? Míneigh an freagra.

4. Conas a lastar an solas agus ligean dó lonrú amach?



5. Deir an Pápa Proinsias linn nach “am idir dhá linn” í an óige. Conas mar a cheanglaíonn an tuairim seo leis an íomhá san amhrán a labhraíonn faoi na doirse go léir a bheith dúnta ionas go bhféadfaí ceann acu a oscailt ar an mbealach foirfe?

6. Labhraíonn na cumadóirí faoi ‘letting your colours burst’. Tabhair samplaí faoin mbealach ina bhféadfaí a leithéid a dhéanamh agus a bheith mar bhronntanas do phobal na scoile nó freastal a dhéanamh orthu.

